C/2023/1617

21.12.2023

CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA HEORPA

an 11 Nollaig 2023

lena leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

(C/2023/1617)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

Ag féachaint do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([1]),

Ag féachaint do Riail 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 69(1) de na Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([2]) ('na Bearta Cur Chun Feidhme'), féadfaidh an Biúró méideanna an liúntais caiteachais ghinearálta, na speansas taistil agus an liúntais cothaithe laethúil a innéacsnascadh go bliantúil, suas go dtí uasmhéadú arb ionann é agus an ráta boilscithe bliantúil san Aontas Eorpach i mí Dheireadh Fómhair den bhliain roimhe sin, arna fhoilsiú ag Eurostat.

(2) Is é 3,6 % an ráta boilscithe san Aontas Eorpach don tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Dheireadh Fómhair 2023, arna fhógairt ag Eurostat an 17 Samhain 2023. Méideanna nua na liúntas agus na speansas taistil thuas a eascraíonn as an gcoigeartú is gá chun an ráta boilscithe sin a chur san áireamh, ba cheart feidhm a beith acu ón 1 Eanáir 2024 agus ba cheart na Bearta Cur Chun Feidhme a leasú dá réir.

(3) De bhun Airteagal 69(2) de na Bearta Cur Chun Feidhme, tá uasmhéid na gcostas um chúnamh parlaiminteach is iníoctha i leith na foirne pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 29(4) díobh le hinnéacsnascadh, i gcás inarb iomchuí, go bliantúil ag an mBiúró ar bhonn an Innéacs Chomhpháirtigh arna bhunú ag Eurostat chun an t-athrú ar an gcostas maireachtála d'oifigigh an Aontais a thomhas de bhun Airteagal 65 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([3]) ('Rialacháin Foirne'), agus i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leo.

(4) Is gnách gurb é an Biúró a chinneann an t-innéacsnascadh sin i mí na Nollag, agus go dtagann sé i bhfeidhm go haisghníomhach amhail ó mhí Iúil na bliana i dtrácht. Mar sin féin, ós rud é gur shocraigh Eurostat an tInnéacs Comhpháirteach ag 103,7 (+ 3,7 %) don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 1 Eanáir 2023, agus dá bhrí sin gur sháraigh sé an tairseach 3 % a bunaíodh leis na Rialacháin Foirne chun nuashonrú ar an luach saothair a spreagadh, bhí gá le hoiriúnú idirmheánach ar speansais um chúnamh parlaiminteach. Dá réir sin, ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Meitheamh 2023, chinn an Biúró, i gcomhréir leis an ráta coigeartaithe 1,7 % arna shocrú ag an gCoimisiún don chéad leath de 2023, an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith speansais um chúnamh parlaiminteach a mhéadú go EUR 28 412, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

(5) Don dara leath de 2023, tá an ráta coigeartaithe socraithe ag an gCoimisiún ag 1 %. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith speansais um chúnamh parlaiminteach a mhéadú go EUR 28 696 le héifeacht ón 1 Iúil 2023 agus ba cheart na Bearta Cur Chun Feidhme a leasú dá réir,

([1]) Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 ag glacadh Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1).

([2]) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 maidir le bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO C 159, 13.7.2009, lch. 1).

([3]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme mar a leanas:

(1) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) i gcás turas i gcarr, le huasteorainn aisíocaíochta 1 000 km in aghaidh an turais amach nó isteach: EUR 0,58/km, móide costas aon turais ar bhád farantóireachta nó modh iompair comhchosúil eile.';

(2) leasaítear Airteagal 20, mír 1, mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) don chuid den turas idir 0 agus 50 km: EUR 25,91;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) don chuid den turas idir 51 agus 250 km: EUR 0,15/km;';

(3) leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Is é EUR 4 886 an t-uasmhéid bliantúil a fhéadfar a aisíoc i leith speansais taistil a thabhaítear sna cásanna dá dtagraitear in Airteagal 10(1), pointe (b).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 3:

'3. Is é EUR 4 886 an t-uasmhéid bliantúil a fhéadfar a aisíoc i leith speansais taistil a thabhaíonn cathaoirligh choiste nó fochoiste go hiarbhír agus iad ag taisteal le freastal ar chomhdhálacha nó ar imeachtaí ag a bhfuil ábhar leasa Eorpaigh faoi chaibidil agus a thagann faoi raon freagrachta a gcoiste nó a bhfochoiste agus a bhfuil gné pharlaiminteach ag gabháil leo. Beidh gá le húdarú roimh ré ó Uachtarán na Parlaiminte i gcás rannpháirteachas den sórt sin, tar éis fíorú a dhéanamh go bhfuil leithreasuithe suas go dtí an t-uasmhéid thuasluaite le fáil.';

(4) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Má tharlaíonn an ghníomhaíocht oifigiúil ar chríoch an Aontais, gheobhaidh an Feisire liúntas cnapshuime dar luach EUR 350.';

(5) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Is é EUR 28 696 an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith na foirne pearsanta uile dá dtagraítear in Airteagal 30 le héifeacht ón 1 Iúil 2023.'.

(6) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Is é EUR 4 950 méid míosúil an liúntais caiteachais ghinearálta.';

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2024, cé is moite d'Airteagal 1, pointe 5, a mbeidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.